Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Samhain 2022**
**(OR. en)**

**14950/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0198(NLE)**

**JUSTCIV 150**
**JAI 1493**
**TU 2**
**COAFR 337**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10592/1/21 REV 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit, ar mhaithe leis an Aontas Eorpach, glacadh le haontachas na Túinéise le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí<br>- Glacadh |

1. An 7 Iúil 2021, thíolaic an Coimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear do na Ballstáit, ar mhaithe leis an Aontas Eorpach, glacadh le haontachas na Túinéise le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí.

2. Chuathas i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa an 15 Iúil 2021 agus ghlac sí tuairim dhearfach an 25 Samhain 2021.

3. Scrúdaigh an Mheitheal um Ábhair Dlí Shibhialta (Ceisteanna Ginearálta) an togra ón gCoimisiún agus iarradh ar na toscaireachtaí barúlacha a thabhairt. I bhfianaise na mbarúlacha sin, rinne na saineolaithe dlí agus teanga an togra a athdhréachtú agus a athbhreithniú mar a leagtar amach in 13840/22 é. Tá na toscaireachtaí in ann teacht ar chomhaontú maidir leis an togra.

4. Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2019/1111 (an Bhruiséil IIb) agus, dá bhrí sin, tá sí rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.

5. I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

6. Mar sin iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an cinneadh lena n-údaraítear do na Ballstáit, ar mhaithe leis an Aontas Eorpach, glacadh le haontachas na Túinéise le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí, mar a leagtar amach in 13840/22 é, a ghlacadh.

7. Faoi réir aon mholadh den sórt sin ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an Cinneadh lena n-údaraítear do na Ballstáit, ar mhaithe leis an Aontas Eorpach, glacadh le haontachas na Túinéise le Coinbhinsiún na Háige 1980 ar na Gnéithe Sibhialta a bhaineann le Fuadach Idirnáisiúnta Leanaí, mar a leagtar amach in 13840/22 é, a ghlacadh.